Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5347/26**

**CLIMA 22**
**ENV 38**
**ENER 16**
**TRANS 15**
**IND 24**
**COMPET 44**
**MI 35**
**ECOFIN 37**
**DELACT 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 40 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 14.1.2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE)2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 40 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 40 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2026
C(2026) 40 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.1.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE)2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear forálacha an Rialacháin maidir le Clárlann an Aontais[1] lena rialaítear cuntasaíocht ar idirbhearta faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill [2].

Leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill leagtar amach spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar gá do na Ballstáit iad a bhaint amach faoi 2030. Leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill cuirtear sraith 'solúbthachtaí' ar fáil do na Ballstáit chun cuidiú leo a spriocanna a bhaint amach. Faoi réir coinníollacha agus teorainneacha, leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill tugtar cead do na Ballstáit leithdháiltí bliantúla astaíochtaí (AEAnna) a aistriú go dtí na Ballstáit eile, AEAnna a ath-leithdháileadh ó bhliain amháin go bliain eile (Airteagal 5 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) agus féadfaidh roinnt Ballstát AEAnna breise a fháil ó chúlchiste sábháilteachta a bhunófar i gcás ina mbainfidh na Ballstáit amach sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais maidir le gáis cheaptha teasa le haghaidh 2030 ar bhonn comhchoiteann in earnálacha an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (Airteagail 1 agus 11 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) agus a mhéid a bhainfidh siad an sprioc sin amach.

Ina theannta sin, is féidir go gcuirfear cainníocht theoranta glanaistrithe de chuid na mBallstát, a chumhdaítear le Rialachán LULUCF[3], san áireamh chun teorainneacha bliantúla an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill a chomhlíonadh, agus féadfaidh roinnt Ballstát AEAnna breise a fháil trí 'sholúbthacht CTA', mar a thugtar air, (trí chainníocht lamháltas astaíochtaí CTA an Aontais, arna eisiúint faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí[4], a chur ar ceal, gheobhaidh siad cainníocht chomhfhreagrach AEAnna). Bunaítear na solúbthachtaí sin faoi Airteagail 6 agus 7 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

In 2023, rinneadh athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill chun sprioc 2030 an Aontais (ó -30 % de leibhéil 2005, go -40 % de leibhéil 2005) agus sprioc fhormhór na mBallstát a ardú. Áiríodh ar na leasuithe coigeartuithe ar an gceanglas solúbthachtaí a úsáid dá bhforáiltear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Chun ailíniú leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Comhroinnt Díchill a áirithiú, ní mór leasú a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin maidir le Clárlann an Aontais a bhaineann le hidirbhearta a raibh tionchar ag leasuithe ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a rinneadh in 2023 orthu. Ina theannta sin, leis an ngníomh tarmligthe soiléirítear na ceanglais is infheidhme maidir le solúbthacht CTA.

Is é bunús dlí an ghnímh tharmligthe Airteagal 12 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun a áirithiú, trí Chlárlann an Aontais, go gcoinnítear cuntais bheachta ar na hidirbhearta a cheadaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus go mblocáiltear idirbhearta i gcás neamhrialtachtaí.

Táthar ag leasú an Rialachán maidir le Clárlann an Aontais chun na forálacha riachtanacha is gá chun cuntasaíocht maidir leis na hidirbhearta a dhéanamh faoi Rialachán LULUCF a chur san áireamh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ag an gcruinniú den Grúpa Saineolaithe um an Athrú Aeráide (GSAA) an 13 Nollaig 2024, chuir Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA) na

leasuithe ionchasacha ar an Rialachán maidir le Clárlann an Aontais i láthair. Míníodh na leasuithe sin i bpáipéar coincheapa a dáileadh ar GSAA an 15 Nollaig 2023. An 12 Márta 2024 sheol AS CLIMA an chéad dréacht den rialachán tarmligthe chuig GSAA. Tar éis an chéad bhabhta barúlacha ó na Ballstáit, chuir AS CLIMA an dara dréacht ar fáil do GSAA an 8 Bealtaine 2024, an tríú dréacht ar fáil an 7 Samhain 2024 agus an ceathrú dréacht ar fáil an 9 Nollaig 2024. Bhí deis ag na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a thabhairt ar na dréachtaí éagsúla. Thairis sin chuir AS CLIMA dréachtaí an rialacháin leasaithigh i láthair do chruinnithe GSAA an 13 Márta 2024, an 2 Bealtaine 2024 agus an 11 Nollaig 2024. Chuir AS CLIMA na barúlacha agus na moltaí i scríbhinn agus ó bhéal a thug comhaltaí an grúpa saineolaithe san áireamh. Chuir AS CLIMA an cúigiú dréacht ar fáil do GSAA an 25 Aibreán 2025, agus chuir sé i láthair é ag cruinniú GSAA an 5 Bealtaine 2025.

Cuireadh na doiciméid le haghaidh na gcruinnithe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin, i gcomhréir leis an gComhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Thairis sin, bailíodh aiseolas maidir le téacs an rialacháin tharmligthe tríd an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh 4 seachtaine idir an 7 Aibreán agus an 5 Bealtaine 2025. D'eascair aighneacht amháin as an bhfoilseachán, a sheol Údarás Fuinnimh na Fionlainne. Bhain an aighneacht le ceartú féideartha earráide in Airteagal 59s den Rialachán maidir le Clárlann an Aontais agus cuireadh san áireamh í.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6 athbhreithnithe den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill tugtar níos mó saoirse do roinnt Ballstát athbhreithniú a dhéanamh ar chainníocht lamháltas astaíochtaí CTA an Aontais arna gcur ar ceal atá sé ar intinn acu a úsáid chun an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, leis an rialachán tarmligthe leasaítear Airteagail 59a, 59h(c) agus 59k den Rialachán maidir le Clárlann an Aontais (a bhaineann le solúbthacht CTA agus le AEAnna a chruthaítear leis).

Thairis sin, leis an rialachán tarmligthe leasaítear an méid seo a leanas:

Airteagail 59b, 59i, 59j, 59l agus 59m chun ailíniú leis na ceanglais agus teorainneacha nua a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a áirithiú i ndáil le hiasachtaíocht, baincéireacht agus aistriú AEAnna;

Airteagal 59k chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ar cheanglais maidir le húsáid solúbthacht LULUCF arna bunú in Airteagal 7 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill;

Airteagal 59h(d) chun na ceanglais is infheidhme maidir le solúbthacht CTA a shoiléiriú, agus

Airteagal 59n chun an cúlchiste sábháilteachta a ailíniú leis an sprioc nua le haghaidh 2030 don Aontas.

Ceartaítear freisin leis an ngníomh tarmligthe an tagairt dhlíthiúil earráideach in Airteagal 59s(2) go hAirteagal 62(4), (6), (7) agus (8), agus leasaítear Airteagal 59s leis ionas go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 34, 35, 55 agus 58(4), (6), (7) agus (8) maidir le haistrithe chuig Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill nó chuig Cuntais Chomhlíontachta ÚTAÚTF Bhallstáit.

Ina theannta sin, i roinnt forálacha agus in Iarscríbhinn I, leis an rialachán tarmligthe cuirtear 'Aonaid Aistrithe Talún' agus 'AATanna' in ionad 'Aonaid Mhaolaithe Talún' agus 'AMTanna' faoi seach, rud a thugann an téarmeolaíocht i gcomhréir leis an téarmeolaíocht atá i gcaibidil LULUCF den Rialachán atá ar na bacáin.

Ar deireadh, leis an ngníomh tarmligthe déantar na tagairtí dlí atá sa Rialachán maidir le Clárlann an Aontais do na forálacha a leasaíodh san athbhreithniú a rinneadh in 2023 ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a thabhairt cothrom le dáta.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.1.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE)2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013[1], agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún[2] , leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú Chlárlann an Aontais, a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(2) Le Rialachán (AE) 2018/842 leagtar síos oibleagáidí ar na Ballstáit maidir leis an rannchuidiú is íosta uathu i dtreo sprioc 2030 an Aontais maidir lena astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2018/842, tá Clárlann an Aontais le cuntasaíocht chruinn na n-idirbhearta faoin Rialachán sin a áirithiú.

(4) Leasaíodh Rialachán (AE) 2018/842 le Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] chun sprioc 2030 an Aontais a mhéadú maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú (ó laghdú 30 % go laghdú 40 % i gcomparáid

[1] IO L 111, 26.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/2023-05-16.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj).

[3] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

[4] Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/857/oj).

le leibhéil 2005) agus chun cuid de na ceanglais is infheidhme maidir le húsáid solúbthachtaí a sholáthraítear do na Ballstáit leis an Rialachán sin a choigeartú.

(5) Le Rialachán (AE) 2018/842 tugadh an deis do roinnt Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún, in 2023, go raibh sé beartaithe acu úsáid nó úsáid bhreise a bhaint as cealú teoranta ar lamháltais CTA an Aontais chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán sin ('solúbthacht CTA') a chomhlíonadh agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar a rúin faoinar dtugadh fógra in 2024 agus in 2027, ní hamháin chun iad a ísliú, mar a bhí i gceist ar dtús, ach freisin chun iad a ardú. Dá bhrí sin, is iomchuí leasú a dhéanamh ar fhorálacha Rialachán (AE) 2019/1122 maidir le cruthú leithdháiltí bliantúla astaíochtaí (AEAnna) i gCuntas de Chainníocht Iomlán AEA Iarscríbhinn II AE. Ina theannta sin, in éagmais sainmhíniú iarbhír ar an téarma 'astaíochtaí iomarcacha' chun gur féidir leis na Ballstáit solúbthacht CTA a úsáid, is iomchuí an téarma sin a ionadú leis an bhfoirmle atá le húsáid sa chinneadh an féidir, agus a mhéid is féidir, leis an mBallstát solúbthacht CTA a úsáid chun comhlíontacht a áirithiú in aon bhliain faoi leith.

(6) Le Rialachán (AE) 2018/842 ceanglaítear ar na Ballstáit an Coiste um an Athrú Aeráide a chur ar an eolas sula n-aistrítear AEAnna go na Ballstáit eile. Dá bhrí sin, is iomchuí léiriú a thabhairt ar na leasuithe ar choinníollacha maidir le hinaistritheacht AEAnna.

(7) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht ar fud chaibidlí éagsúla Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122, is iomchuí an téarma 'Aonaid Aistrithe Talún' agus a ghiorrúcháin 'AATanna' a chur in ionad 'Aonaid Mhaolaithe Talún' agus 'AMTanna', faoi seach.

(8) Thairis sin, leasaíodh Rialachán (AE) 2018/842 a mhéid a bhaineann le huasteorainneacha le hiasachtaíocht agus baincéireacht AEAnna, le haistrithe *ex ante* AEAnna go na Ballstáit eile agus le húsáid glan- aistrithe ó earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ('LULUCF'). Dá bhrí sin, is gá léiriú a thabhairt ar na hathruithe sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122.

(9) Tá bunú an chúlchiste sábháilteachta faoi réir chomhlíonadh sprioc 2030 an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sna hearnálacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/842. Dá bhrí sin, ba cheart sprioc nua an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/842 a léiriú sna ceanglais i ndáil le cruthú AEAnna i gcuntas Cúlchiste Sábháilteachta faoi Rialachán an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill.

(10) Ba cheart aisiompú na n-aistrithe chuig Cuntais Chomhlíontachta maidir le Comhroinnt Díchill nó chuig Cuntais Chomhlíontachta ÚTAÚTF Bhallstáit a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna, maille leis na hoiriúnuithe iomchuí, is infheidhme maidir le haisiompú leithdháileadh na lamháltas ginearálta, nó na lamháltas eitlíochta, arna dtionscnamh go neamhbheartaithe nó go hearráideach ag riarthóir náisiúnta. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt dhlíthiúil earráideach in Airteagal 59s(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a cheartú go hAirteagal 62(4), (6), (7) agus (8) den Rialachán sin.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear agus ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 59a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ag tús na tréimhse comhlíontachta, cruthóidh an riarthóir lárnach sa Chuntas Cainníochta Iomláine AEA ESR AE cainníocht AEAnna atá cothrom le suim na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh na mBallstát uile le haghaidh bhlianta uile na tréimhse comhlíontachta mar a leagtar amach in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2018/842 agus sna Cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 4(3), agus Airteagal 10, de Rialachán (AE) 2018/842';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Cruthóidh an riarthóir lárnach i gCuntas de Chainníocht Iomlán AEA Iarscríbhinn II AE cainníocht AEAnna atá cothrom le suim na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí uile le haghaidh na mBallstát uile le haghaidh bhlianta uile na tréimhse comhlíontachta mar a leagtar amach sna Cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/842 bunaithe ar na céatadáin ar thug na Ballstáit fógra fúthu faoi Airteagal 6(3), (3a) agus (3b) den Rialachán sin.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59b:

'Airteagal 59b

Aonaid leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí

Beidh AEAnna bailí chun ceanglais na mBallstát maidir le teorannú astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/842 agus a ngealltanas agus spriocanna faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841. Ní bheidh siad inaistrithe ach amháin de bhun na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1) go (5a), Airteagal 6, Airteagal 9(2) agus Airteagal 11, de Rialachán (AE) 2018/842, agus Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2018/841';

(3) in Airteagal 59f(1) agus (2), cuirtear an giorrúchán 'AATanna' in ionad 'AMTanna';

(4) In Airteagal 59h cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d):

'(c) tá an méid arna iarraidh níos mó ná an fuílleach atá fágtha sa mhéid in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/842 atá ar fáil don Bhallstát sin mar a leagtar amach sna Cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/842, agus aon athbhreithniú ar an méid de bhun Airteagal 6(3), dara fomhír, den Rialachán sin á thabhairt san áireamh, agus aon fhógra arna seoladh chuig an gCoimisiún faoi Airteagal 6(3a) agus (3b) den Rialachán sin á dtabhairt san áireamh;

(d) tá an méid arna iarraidh níos mó ná cainníocht na n-astaíochtaí don bhliain áirithe sin móide cainníocht AEAnna arna n-aistriú ó Chuntas Comhlíontachta an Bhallstáit maidir le Comhroinnt Díchill don bhliain áirithe sin go a Chuntas Comhlíontachta LULUCF de bhun Airteagal 59x(3), 59x(4) nó 59ad(2) den Rialachán sin, lúide cainníocht AEAnna don bhliain áirithe sin mar a leagtar amach sna Cinntí arna n-glacadh de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/842';

(5) in Airteagal 59i, pointe (b), cuirtear an céatadán '7,5' in ionad '10';

(6) leasaítear Airteagal 59j mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i ndáil leis an mbliain 2021, tá an méid arna iarraidh níos mó ná fuílleach dearfach an chuntais mar a ríomhadh de bhun Airteagal 59e nó 75 % de leithdháiltí bliantúla astaíochtaí an Bhallstáit sin in 2021, mar a cinneadh de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/842;';

(b) I bpointe (c), cuirtear an céatadán '25 %' in ionad '30 %';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59k:

'Airteagal 59k

Úsáid Aonad aistrithe talún ('AATanna')

Déanfaidh an riarthóir lárnach a áirithiú, arna iarraidh sin don Bhallstát, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais AATanna a aistriú ó Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit sin go Cuntas Comhlíontachta an Bhallstáit sin maidir le Comhroinnt Díchill. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) tá an méid arna iarraidh níos mó ná cainníocht AATanna atá ar fáil atá incháilithe do bheith aistrithe go Cuntas Comhlíontachta maidir le Comhroinnt Díchill de bhun Airteagal 59x(1) nó an méid atá fátha;

(b) baineann an iarraidh le haistriú:

(i) go Cuntas Comhlíontachta maidir le Comhroinnt Díchill de bhliain laistigh den tréimhse 2021 go 2025 agus tá an méid arna iarraidh níos mó ná leath an uasmhéid glanaistrithe iomlána a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/842, nó an méid atá fágtha sa tréimhse 2021 go 2025;

(ii) go Cuntas Comhlíontachta maidir le Comhroinnt Díchill de bhliain laistigh den tréimhse 2026 go 2030 agus tá an méid arna iarraidh níos mó ná leath an uasmhéid glanaistrithe iomlána a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/842, nó an méid atá fágtha sa tréimhse 2026 go 2030;

(c) tá an méid arna iarraidh níos mó ná cainníocht na n-astaíochtaí don bhliain áirithe sin lúide cainníocht AEAnna don bhliain áirithe sin mar a leagtar amach in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2018/842 agus sna Cinntí arna n-glacadh de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 10 den Rialachán sin, agus lúide suim na AEAnna uile a cuireadh i dtaisce ó bhlianta roimhe sin go dtí an bhliain reatha nó aon bhliain ina diaidh de bhun Airteagal 59j den Rialachán sin;

(d) ní dhearna an Ballstát sin tuairisciú go bhfuil sé beartaithe aige úsáid a bhaint as an tsolúbthacht a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842, mar a cheanglaítear i bpointe (n)(iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999*;

(e) níor chomhlíon an Ballstát sin Rialachán (AE) 2018/841;

(f) cuirtear isteach iarraidh an Bhallstáit sula ndéanfar fuílleach Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit sin a ríomh nó tar éis chinneadh an fhigiúir maidir leis an stádas comhlíontachta don tréimhse chomhlíontachta áirithe sin de bhun Airteagail 59u agus 59ad;

(g) cuirtear isteach iarraidh an Bhallstáit 3 mhí tar éis ríomh fhuílleach Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit sin don tréimhse áirithe sin;

(h) cuirtear isteach iarraidh an Bhallstáit sula ndéanfar fuílleach Chuntas Comhlíontachta an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill de chuid an Bhallstáit sin a ríomh nó tar éis chinneadh an fhigiúir maidir leis an stádas comhlíontachta don bhliain áirithe sin.'

---

* Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).';

(8) leasaítear Airteagal 59l mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an téarma '10 faoin gcéad' in ionad 'cúig faoin gcéad';

(b) i bpointe (b), cuirtear an téarma '15 faoin gcéad' in ionad 'deich faoin gcéad';

(c) cuirtear pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) níor chuir an Ballstát an Coiste um an Athrú Aeráide, arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1999, ar an eolas go bhfuil rún aige cuid dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí do bhliain ar leith a aistriú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(5a) de Rialachán (AE) 2018/842.';

(9) in Airteagal 59m, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) níor chuir an Ballstát an Coiste um an Athrú Aeráide, arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1999, ar an eolas go bhfuil rún aige cuid dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí do bhliain ar leith a aistriú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(5a) de Rialachán (AE) 2018/842.';

(10) in Airteagal 59n, cuirtear an céatadán '60 %' in ionad '70 %';

(11) in Airteagal 59o(1), pointe(g)(v), cuirtear an giorrúchán 'AATanna' in ionad 'AMTanna';

(12) in Airteagal 59q, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. I gcás ina dtugann an Ballstát fógra faoi mhéadú ar chéatadán faoi Airteagal 6(3a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/842 agus tar éis leasú comhfhreagrach na méideanna a sonraítear sa Chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/842, cruthóidh an riarthóir lárnach cainníocht chomhfhreagrach AEAnna i gCuntas de Chainníocht Iomlán AEA Iarscríbhinn II AE.';

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59s:

'Airteagal 59s

1. Maidir le gach aistriú a shonraítear sa Teideal seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 34, 35 agus 55.

2. Féadfar aistrithe chuig cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill nó chuig Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit, arna dtionscnamh trí earráid, a aisiompú arna iarraidh sin don riarthóir náisiúnta.'.

(14) in Iarscríbhinn I, Tábla I-II ('Cuntais chun críche idirbheart cuntasaíochta de bhun Theideal IIA'), an chéad ró, cuirtear an giorrúchán 'AATanna' in ionad 'AMTanna'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14.1.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*